

Bord Tacaíochta Gaeilge UCD (BTG)

Cuspóir agus Feidhm

Tá sé de chuspóir ag *Bord Tacaíochta Gaeilge UCD*

- (i) tacaíocht a thabhairt don ollscoil chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ag féachaint go speisialta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d'úsáid na teanga Gaeilge agus do chaomhnú agus do chur chun cinn chultúir shainiúla na hÉireann" i gcomhréir le Cuid III, Caibidil 1 (12) d'Acht na nOllscoileanna
- (ii) úsáid na teanga Gaeilge a chur chun cinn mar theanga ghnáthchumarsáide agus an Ghaeilge agus na traidisiúin liteartha agus chultúrtha a bhaineann léi a chothú agus a chur chun cinn. Cuid II, Caibidil 2 (18)

Téarmaí Tagartha

Straitéis a fhaomhadh a bhfuil mar aidhm aici an Ghaeilge a chaomhnú agus úsáid na teanga Gaeilge a chur chun cinn san ollscoil agus na traidisiúin liteartha agus chultúrtha a bhaineann léi a chothú agus a chur chun cinn.

Meicníochtaí agus cuir chuige, a léiríonn dea-chleachtas, a mholadh, a chabhróidh le caomhnú, cur chun cinn agus úsáid na teanga Gaeilge, mar theanga ghnáthchumarsáide ach go háirithe.

Machnamh a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta a chabhróidh le caomhnú, cur chun cinn agus úsáid na teanga Gaeilge san Ollscoil agus iad siúd a mholadh don Údarás Rialaithe.

Ócáidí agus cásanna a aithint a mbíonn tionchar diúltach acu ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus ar úsáid na teanga Gaeilge agus gníomhartha cuí a mholadh chun an drochthionchar sin a mhaolú.

Cur leis na h-iarrachtaí atá ar bun Ollscoil ionchuimsitheach a chruthú ag teacht leis an straitéis maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, áit a ndéantar na cultúir agus traidisiúin ar fad, lena n-áirítear cultúir shainiúla na hÉireann, a urramú.

Ballraíocht

Beidh na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den bhord:

- An Cathaoirleach, arna ainmniú ag an Uachtarán

- Ainmní an Údaráis Rialaithe
- Ainmní Leasuachtarán na Rannpháirtíochta Domhanda
- Stiúrthóir Ghaeltacht UCD/Lárionad Domhanda do Theanga & Cultúr na Gaeilge UCD
- Riarthóir Cúnta na Gaeilge, Gaeltacht UCD/Lárionad Domhanda do Theanga & Cultúr na Gaeilge UCD
- Ainmní Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD
- Ainmní Uachtarán Aontas na Mac Léinn UCD
- Ainmní gur mac léinn é/í ó Chumann Gaelach UCD
- Ainmní ó eagraíocht sheachtrach a bhfuil leasanna aici a bhaineann le pobal domhanda na Gaeilge
- Ionadaí de chuid Alumni Ghaeltacht UCD
- Ainmní ó gach ceann de Choláistí UCD

Tacaíocht Ghrúpa

Tacóidh Gaeltacht UCD/Lárionad Domhanda do Theanga & Cultúr na Gaeilge UCD le BTG

Seoladh an Ghnó

Tiocfaidh BTG le chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain

Reáchtálfar gach cruinniú trí mheán na Gaeilge agus déanfar gach cuid de ghnó an bhoird a chur in iúl i nGaeilge

Déanfaidh an Cathaoirleach na cruinnithe a ghairm le fógra seacht lá ar a laghad roimh gach cruinniú

Ní cheadaítear do chomhaltaí an bhoird daoine eile a ainmniú ina n-ionad chun freastal ar na cruinnithe

Freagracht Tuairiscithe

Tuairisceoidh *Bord Tacaíochta Gaeilge UCD* (BTG) don Údarás Rialaithe le tuairiscí a léiríonn na rudaí ar gá don Údarás Rialaithe cinneadh a dhéanamh maidir leo agus na rudaí ar gá iad a chur in iúl don Údarás Rialaithe. Ba cheart go mbeadh moladh ón mbord ag gabháil leis na rudaí ar gá cinneadh a dhéanamh maidir leo.

